Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2017**
**(OR. fr)**

**15135/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0360B (COD)**

**CODEC 1953**
**EF 322**
**ECOFIN 1058**
**CCG 40**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le socruithe idirthréimhseacha lena maolófar an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9 ar chistí dílse agus an tionchar a bheidh ag láimhseáil neamhchosaintí móra i gcás neamhchosaintí áirithe san earnáil phoiblí a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile de chuid na mBallstát iad **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 23 Samhain 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 30 Márta 2017[2]. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh ar an 8 Samhain 2017[3].

3. Ar an 30 Samhain 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 14775/16.
[2] IO C 209, 30.6.2017, lch. 36.
[3] nár foilsíodh fós.
[4] 15059/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 59/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.